**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 15 Aibreán 2013 (17.04)**
**(OR. fr)**

**8351/13**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2011/0156 (COD)**

**CODEC 783**
**DENLEG 33**
**AGRI 235**
**SAN 122**
**OC 201**

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | COREPER - AN CHOMHAIRLE |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia-ábhar lena chaitheamh ag naíonáin agus ag leanaí óga, maidir le bia-ábhar chun críocha míochaine speisialta agus maidir le malartuithe ar réim bia chun meáchan a rialú, lena n-aisghairmtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus na Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh<br>a) an tseasaimh ón gComhairle<br>b) an ráitis ar na cúiseanna ón gComhairle<br>**TREOIRLÍNTE COMHCHOITEANNA**<br>**Spriocdháta comhairliúcháin don Chróit: 19.4.2013** |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle an 24 Meitheamh 2011.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 26 Deireadh Fómhair 2011[2].

[1] 12099/11.
[2] IO C 24, 28.1.2012, lch. 119.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 14 Meitheamh 2012[1].

4. Ag an 3213ú cruinniú a bhí aici an 20 Nollaig 2012, tháinig an Chomhairle "Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh" ar chomhaontú polaitiúil faoin seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an gCinneadh thuasluaite[2].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 5394/13 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 5394/13 ADD 1 REV 1, ar vótáil toscaireacht na Gearmáine ina choinne, a ghlacadh mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[1] 11133/12.

[2] I gcomhréir le litir dar dáta an 18 Nollaig 2012, ó Chathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ar coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, chuig cathaoirleach Coreper, ba chóir do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.